# Gréasán Iompair Phoiblí na Gaillimhe


Samhain 2021

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

**Eochair Léarscáile**

- Bealach Réigiúnach atá ann cheana
- Bealach Áitiúil atá ann cheana
- Líne Iarnróid
- Ceann aistir, áit a dtosaíonn nó a gcríochnaíonn an bealach

Aerfoirt · Nithe is Díol Suime · Calafoirt Bád Fartha · Oideachas Tríú Leibhéal · Stáisiúin Traenach



# Feabhsuithe Beartaithe Iompair Phoiblí i gContae na Gaillimhe

| | Togra | Ag Nascadh | | Ag Freastal ar* | Cur Síos |
|---|---|---|---|---|---|
| Tograí Conaire Réigiúnaí | 8 | Gaillimh | Corcaigh | Órán Mór, Inis, Sionainn, Luimneach, Mala agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 51, 251 agus 434 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus bealaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr feadh na conaire seo. Íosmhinicíocht seirbhíse 30 nóiméad. |
| | 20 | Gaillimh | Leitir Fraic | Maigh Cuilinn, Ros Cathail, Uachtar Ard, An Teach Dóite, An Clochán agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 419 agus 923 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus bealaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr feadh na conaire seo. Íosmhinicíocht seirbhíse 1 uair an chloig idir Gaillimh agus an Clochán. |
| | 21 | Caisleán an Bharraigh | Gaillimh | Cathair na Mart, Baile an Róba, Áth Cinn, Cor an Dola, Cluain Bú agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealach 456 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar ar an gconair seo, agus íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig ann. |
| | 22A | Béal an Átha | Gaillimh | Caisleán an Bharraigh, Baile an Mhuilinn, Tuaim, Eanach Dhúin, Baile Chláir agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 52, 64, 430 agus 964 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus bealaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr feadh na conaire seo. Beartaítear íosmhinicíocht seirbhíse 1 uair an chloig a sholáthar idir Béal an Átha agus Gaillimh agus idir Sligeach agus Gaillimh. Sa togra uainn, comhcheanglóidh bealaí 22A agus 22B le chéile chun minicíocht 30 nóiméad a sholáthar idir Tuaim agus Gaillimh. |
| | 22B | Sligeach | Gaillimh | Tobar an Choire, Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais / Clár Chlainne Mhuiris, Tuaim agus áiteanna eile ar an mbealach | |
| | 23 | Gaillimh | Baile Átha Cliath | Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha Luain agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 660, 706X, 720, 760, 761 agus 763, ar meascán de mhearsheirbhísí agus de sheirbhísí uile-stad iad, ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus bealaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr feadh na conaire seo. Íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig ar gach seirbhís uile-stad. |
| | 40 | Gaillimh | An Longfort | Baile Chláir, Maigh Locha, An Creagán, Ros Comáin, Béal Átha Liag agus áiteanna eile ar an mbealach | Freastalaíonn bealaí 425, 433 agus 467 ar an gconair seo faoi láthair. Beartaímid seirbhísí níos minice a sholáthar agus bealaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr feadh na conaire seo. Beartaítear íosmhinicíocht seirbhíse 2 uair an chloig a sholáthar. |
| Tograí Bealaigh Áitiúil | 423 | Cathair na Mart | An Clochán | An Líonán, An Choill Mhór, Leitir Fraic agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a mhéadú ar bhealach 423 ón gClochán go Cathair na Mart. 5 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | 424 | Gaillimh | An Teach Dóite | Bearna, Na Forbacha, An Spidéal, Ros an Mhíl, An Cheathrú Rua agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid roinnt seirbhísí a shíneadh ar bhealach 424 ón gCeathrú Rua go dtí an Teach Dóite, agus 3 thuras fillidh ar a laghad ann gach lá. |
| | 440 | Baile Átha Luain | Cathair na Mart | Ros Comáin, An Caisleán Riabhach, Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire, Clár Chlainne Mhuiris, Caisleán an Bharraigh agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach 440 a athrú chun freastal ar an Turlach. 4 thuras fillidh ar a laghad<br>an Luan go dtí an Satharn, 3 thuras fillidh ar a laghad ar an Domhnach. |
| | 547 | Béal Átha na Sluaighe | Inis | Port Omna, An Geata Bán, An Scairbh, An Fhiacail agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach 547 a shíneadh ó Phort Omna go hInis, tríd an nGeata Bán, tríd an Scairbh agus tríd an bhFiacail. 4 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | 934 | An Gort | Baile Locha Riach | Tobar Pheadair, An Corrbhaile, Cill Chríost agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a mhéadú ar bhealach 934 ón nGort go Baile Locha Riach. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | 1583 | Gaillimh | An tAonach | Órán Mór, Baile Locha Riach, Port Omna, Buiríos Uí Chéin agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Ghaillimh go dtí an tAonach, trí Bhaile Locha Riach, trí Phort Omna agus trí Bhuiríos Uí Chéin, rud a ghlacfaidh áit bhealach 1583 atá ann cheana. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | 419A | An Clochán | Cloch na Rón | Baile Conaola agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar idir an Clochán agus Cloch na Rón. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | 425A | Gaillimh | An Creagán | Muine Mheá agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid an mhinicíocht a mhéadú ar bhealach 425A ó Ghaillimh go dtí an Creagán, trí Mhuine Mheá. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | A78 | Baile Átha Luain | Ros Comáin | Béal Átha Feorainne, Béal Átha Ghártha,<br>Áth Liag agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Bhaile Átha Cluain go Ros Comáin, trí Bhéal Átha Ghártha.<br>3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |
| | A79 | Béal Átha na Sluaighe | An Caisleán Riabhach | Áth Eascrach, An Creagán, Maigh Locha, Gleann na Madadh agus áiteanna eile ar an mbealach | Beartaímid bealach nua a sholáthar ó Bhéal Átha na Sluaighe go dtí an Caisleán Riabhach, trí Mhaigh Locha. 3 thuras fillidh ar a laghad gach lá. |

| | Bealach | Ag Nascadh | | Ag Freastal ar* |
|---|---|---|---|---|
| Bealaí atá ann cheana | 350 | Gaillimh | Inis | Órán Mór, Baile Uí Bheacháin, Lios Dúin Bhearna, Inis Díomáin, Eidhneach agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 404 | Gaillimh | Órán Mór | Áiteanna eile ar an mbealach |
| | 414 | Bearna | Gaillimh | Áiteanna eile ar an mbealach |
| | 417 | Gaillimh | Baile na Staice | An Caisleán Gearr, Baile Chláir, Cora Finne agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 418 | Baile Átha an Rí | Gaillimh | Áiteanna eile ar an mbealach |
| | 422 | Caisleán an Bharraigh | Áth Cinn | Baile an Tobair, Baile an Róba, Conga, Gleann Coirib agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 427 | Dún Mór | Gaillimh | Tuaim, Cluain Mór, An Móinín, Baile Chláir,<br>An Caisleán Gearr agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 428 | Baile an Mhuilinn | Gaillimh | Tuaim, Cluain Mór, Cora Finne, Baile Chláir,<br>An Caisleán Gearr agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 548 | Béal Átha na Sluaighe | Baile Locha Riach | Cill Chonaill, Ceapaigh an tSeagail, Cill Rícill agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | 847 | Port Omna | Baile Átha Cliath | Biorra, Tulach Mhór, Cill Bheagáin, An Bóthar Buí, Maigh Nuad agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | Traein | Baile Átha Cliath | Gaillimh | Tulach Mhór, Baile Átha Luain, Béal Átha na Sluaighe agus áiteanna eile ar an mbealach |
| | Traein | Gaillimh | Luimneach | Órán Mór, Baile Átha an Rí, An Gort, Inis, Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus áiteanna eile ar an mbealach |

## Tograí Conaire Réigiúnaí

Tríd is tríd, oibríonn Conairí Réigiúnacha feadh príomhbhóithre, agus iad ag nascadh cathracha agus bailte móra agus aon lonnaíochtaí atá suite feadh na slí. Is féidir roinnt bealaí a bheith ann ar na conairí, roinnt díobh á bheith á soláthar ar bhonn tráchtála agus cinn eile a bheith á soláthar ag an Stát ach leas a bhaint as tacaíocht airgeadais. Ritheann roinnt bealaí feadh na conaire ar fad, ach ní ritheann cinn eile ach ar chodanna den chonair amháin. Leis an bplean 'Éire a Nascadh', cuirfear feabhas ar an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear ar Chroíchonairí Réigiúnacha le linn an lae, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Déanfaimid é sin trí idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse atá ann cheana. Is féidir go dtabharfar seirbhísí nua isteach nó go gcuirfear feabhas ar sheirbhísí atá ann cheana.

## Tograí Bealaigh Áitiúil

Nascann bealaí áitiúla bailte agus sráidbhailte beaga agus a ndobharcheantair thuaithe leis na bailte móra atá suite in aice láimhe. Cuirfidh sé sin feabhas ar an raon seirbhísí a bhíonn ar fáil i lárionaid mhóra, ag amanna níos tairbhiúla don lá agus den tseachtain, do dhaoine a chónaíonn i limistéir thuaithe agus i sráidbhailte beaga. Fágfaidh sé freisin go mbeifear in ann aistriú chuig Seirbhísí Réigiúnacha le haghaidh taisteal ar aghaidh, agus naisc uainithe iontaofa ann.

## Bealaí atá ann cheana

Níl sé beartaithe aon athruithe suntasacha a dhéanamh ar na bealaí seo. De réir mar a fhorbraíonn an gréasán iompair phoiblí, agus de réir mar a thaistealaíonn tuilleadh daoine ar bhonn níos minice agus níos leithne ar an iompar poiblí, leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na mbealaí seo agus le bearta a dhéanamh chun a chinntiú go leanfaidh siad le bheith oiriúnach don fheidhm.

## Nótaí

*Ag Freastal ar: Léirítear ar an léarscáil príomhailínithe na mbealaí agus na seirbhísí atá beartaithe againn. Tógfaidh formhór na dturas an bealach sin. Mar sin féin, is féidir go mbeidh gá ann le himeacht ón mbealach sin chun nascacht a sholáthar do lonnaíochtaí beaga nó ceantair bheaga atá lonnaithe lasmuigh den phríomhailíniú agus a dteastaíonn leibhéal seirbhíse uathu freisin. Is féidir go mbeifear in ann idirdhealuithe a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis paisinéirí a ullmhaímid chun tacú leis na léarscáileanna atá léirithe. Beartaítear leis an bplean 'Éire a Nascadh' athrú ó bhonn a dhéanamh ar an nascacht iompair phoiblí. Pointe tosaigh ina lán cásanna is ea an t-íosleibhéal seirbhíse a shainaithnímar. I gcás go léirítear san anailís uainn go bhfuil údar ann le leibhéil seirbhíse ar mó iad ná an t-íosleibhéal, pleanálfaimid chun an leibhéal seirbhíse sin a sholáthar, i gcás gur féidir cistiú a shainaithint Is féidir go soláthrófar feabhsuithe ina gcéimeanna de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

# Gréasán Beartaithe Iompair Phoiblí na Gaillimhe

Samhain 2021

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

**Eochair Léarscáile**

- Bealach atá ann cheana
- Líne Iarnróid
- Togra Conaire Réigiúnaí
- Togra Bealaigh Áitiúil
- Ceann aistir, áit a dtosaíonn nó a gcríochnaíonn an bealach

Aerfoirt | Nithe is Díol Suime | Calafoirt Bád Fartha | Oideachas Tríú Leibhéal | Stáisiúin Traenach

